2016. M62T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 3 Bealtaine – Dé hAoine, 13 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 19 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2.
Scríobh an teideal 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

**1.** Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E. Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**2.** Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil cur síos orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh in am do thús an scrúdaithe**. Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**3.** Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E, agus a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu **1** – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó **2** – Ábhar Neamhbheo atá i do Chumadóireacht Theibí.

## Sleachta Tuairisciúla

### Sliocht A

Bhrúmar beirt le chéile ar na doirse móra adhmaid, agus luasc siad ar leathadh ar a gcuid insí díoscánacha. Saghas aitriam a bhí sa seomra mór a leath amach romhainn, an tsíleáil ard ar iompar ar thacaí a bhí nós easnacha ainmhí mhóir. Bhí solas ag breo i gcruinneáin bhuí a bhí ar crochadh as an dorchadas ar cháblaí tiubha. Bhí an t-urlár cloiche chomh dorcha sin gur chosúil air go raibh an solas á shú isteach aige. Bhí pasáistí ag síneadh amach uainn i dtrí threo. Seachas trup ár gcos ar an gcloch ní raibh torann ar bith le cloisteáil ann. Ba í an scoil ba chiúine agus ab fhuaire í dá raibh mé riamh inti. Ba chosúil go raibh an t-aer níos fliche agus níos fuaire istigh ná mar a bhí amuigh.

Stop Mam ag an doras agus chomharthaigh sí dom breith suas léi. Stionsalaithe ar an ghloine shioctha bhí *Oifig an Phríomhoide*. Ón taobh istigh bhí torann greadta le cloisteáil, flap! flap!, i gceann tréimhsí neamhrialta. Bhí an oifig faoi gheamhsholas agus péint bhuí ag déanamh a dícheall na ballaí cloiche a ghealadh, ach ní raibh gar ann. Bhí dhá chlár mhóra fógraí ann, iad clúdaithe le fógraí gioblacha agus le giotaí páipéir a raibh an chuma orthu nár athraíodh leis na blianta iad. Bhí deasc mór ag ceann amháin den seomra agus taobh thiar de sin bhí bean ina suí, í faoi mheall mór de ghruaig phlatanaim. Ní hea, ní ina suí a bhí sí ach ina seasamh. Ní hamháin go raibh sí gearr, bhí sí chóir a bheith sféarach. Bhí a cuid lámh ag luascadh agus ag gearradh an aeir, iad beagnach comhfhad comhleithead. Bhí smíste cuileog i ngach lámh aici agus ba dhóigh leat uirthi go raibh sí i mbun troda le saithe d'fheithidí dofheicthe. Bhí na fáinní fonsacha óir ina cuid cluas ag luascadh go cuntraphointeach le chéile. "Druid an doras!" a scread sí gan fiú amharc orainn. "Tá sibh á ligean isteach!" Ansin plab! Ghread sí an deasc le smíste. Iníon Péarla, Rúnaí Scoile, a d'fhógair a hainmchlár.

Uimhrithe sna céadta a bhí na doirse ba ghaire don oifig. Bhí na doirse uile druidte, cé gur chuala mé guthanna as taobh thiar de chuid acu. Ansin tháinig mé ar an staighre agus suas liom. Bhain mé an dara hurlár amach agus fuair mé sraith eile de dhoirse druidte romham. Chuir mé mo lámh ar mhurlán an dorais – agus ansin luasc sé ar oscailt chugam, é á bhrú ón taobh istigh. Bean gheal an-ard a bhí gléasta i ngúna fada dubh, dhearc sí anuas orm. Ba chosúil nach raibh inti ach ciumhaiseanna díreacha agus uillinneacha géara, mar a bheadh an gob ar long bhriste oighir. Dubh a bhí a cuid gruaige agus bricíní den liath ris trithí, agus bhí sí tarraingthe siar go dlúth ar a cloigeann. Bhí a srón chomh géar le tua agus ba gheall le glac sceana a méara. "An tUasal Harrison," a dúirt sí. "Is mise Bean Velloc." Ba ar éigean a bhog a beola.

Thug sí síos staighre mé agus ar feadh dorchla go dtí seomra ollmhór, an caifitéire. Bhí an líne fhriothála ar thaobh amháin, na táblaí adhmaid ag líonadh an chuid eile den spás. Phioc mé suas babhla mór adhmaid agus cupán stáin. Duine ar dhuine, chuaigh na mic léinn thar an gcuntar, áit ar líon péire de mhná lóin na babhlaí le stobhach a bhí ramhar galach. Bhí boladh an fhínéagair ar an aer. Shín mé amach mo bhabhla. An bhean lóin, bean a raibh muineál ramhar agus fiacla ar nós capaill aici, shín sí amach a ladar. Nuair a chorraigh sí, fuair mé spléachadh ar an chistin taobh thiar di. Bhí bean, deirfiúr níos sine di seo, b'fhéidir, ina seasamh ag tábla miotail agus greim eireabaill aici ar iasc mór geal a bhí, b'fhéidir, trí troithe ar fad. Bhí an créatúr ag preabarnach go faonlag ina lámha.

Arna chóiriú as *Harrison Squared* le Daryl Gregory, Titan Books, 2015.

## Sliocht B

Níl aon ní inchurtha leis an rath dochreidte a bhí ar Frankie Dettori mar mharcach capall seachas b'fhéidir an grá atá aige don bhia agus dá theaghlach. Is é an máistir é sa chistin agus déanann sé an chócaireacht dá theaghlach gach deis a fhaigheann sé. Roinneann Frankie, a bhean chéile Catherine agus a gcúigear páistí óga a gcuid ama idir Newmarket agus a dteaghlach leathan sa tSairdín.

"Tá na cuimhní ar an mbia agus ar an gcócaireacht atá agam ó m'óige sofaisticiúil de réir caighdeán ar bith. Cé go raibh cócaireacht mo mháthar simplí ó thaobh teicníce de agus cé nár thaobhaigh sí anlainn a bhí ró-mhionchúiseach, ní háibhéil a rá go raibh sí eicléicteach. B'amhlaidh a bhí mar pé ar bith rud a chócaráil sí aon lá, bhraith sé ar an mbia úr a bhí ar fáil ina margadh áitiúil in Milano. Chaithimis trí mhí aoibhne le mo sheantuismitheoirí sa tSairdín gach samhradh agus chuir sin go mór leis an éagsúlacht seo. D'ullmhaíodh mo Nona rogha iontach de bhia úr áitiúil gach lá. D'fhéadfadh rud ar bith a bheith ann, ó eascanna ar beireadh orthu le slat agus muca diúil go cáis a rinneadh sa bhaile agus torc fiáin. Na glasraí uile a chuir sí ar an mbord, nuabhainte a bhídís as a *orto* (garraí glasraí) féin a bhí siad. Bhí trátaí ann a raibh méid do dhoirn iontu agus blas tráta orthu nár airigh mé riamh ó shin. Bhí figí ann a bhí chomh haibí sin go raibh an tsíoróip ag úscadh astu, agus péitseoga móra súmhara agus na fíonchaora ba mhilse dar bhlais mé riamh. Agus an rud ab fhearr ar fad, tháirgeadh mo sheantuismitheoirí tríocha lítear d'ola olóige óna gcuid crann féin.

Tá áthas orm a rá go dtugann mo pháistí taitneamh dá gcuid bia agus nach bhfuil siad beadaí ná éisealach. Táim cinnte gurb amhlaidh atá toisc go n-itheann siad bia ceart seachas an rud a dtugtar bia páistí air. Cinnte, déanann Catherine iarracht breis glasraí a shleamhnú isteach gan fhios anseo is ansiúd ach ar an iomlán déanann siad go breá. Bainfidh mo mhac Leo triail as rud ar bith uair amháin. Thugamar cloicheáin dó an lá faoi dheireadh agus thaitin siad go mór leis. Tá sé tábhachtach domsa go n-aithneodh mo pháistí a bhfréamhacha Iodálacha, mar sin ithimid a lán bia Iodálaigh sa bhaile. Déanaimid é a chothromú le pióg an aoire agus le hispíní agus brúitín corruair, rudaí a thaitníonn go mór liom féin.

Nuair a bhím ag cócaireacht sa bhaile, bíonn leathdhosaen duine ag brú thart orm (chomh maith le cait agus madraí éagsúla) ag súgradh, ag caint, ag blaiseadh, ag gáire, ag achrann agus, ar ndóigh, ag oscailt corrbhuidéal fíona. Mar a deirtear san Iodáil 'an teaghlach a bheith ag ithe le chéile, is é sin an rud is tábhachtaí sa saol'.

Níl rud ar bith sa domhan a bhfuil blas chomh maith air le huachtar reoite Iodálach 'fatt'in casa', is é sin le rá 'déanta sa bhaile'. Tá *gelaterie* ar choirnéal gach sráide san Iodáil agus is ionann 'andare a prendere un gelato' (ag dul faoi choinne uachtair reoite) agus ag dul faoi choinne pionta. Déanaim mo chuid féin agus tá na hoidis seo simplí, go speisialta má tá fearas déanta uachtair reoite agat."

Arna chóiriú as *Frankie Dettori's Italian Family Cookbook,* Harper Collins, 2007.

## Sliocht C

Thuirling sé den bhus istigh i lár an bhaile agus thosaigh sé ag siúl i dtreo a cheantair féin; ba mhaith leis riamh a bheith ag siúl. Bhí siopaí beaga ann fós sa chuid neamhfhaiseanta seo den chathair; margaí neamhspleácha, bialanna beaga míthaitneamhacha, agus mar sin de, iad ag streachailt in aghaidh iomaíocht mhillteanach na stóras mór ar an tSráid Ard.

Ba stóras athláimhe é ceann de na siopaí sin faoin rampa; SEANDACHTAÍ a bhí scríofa ar an gcomhartha os cionn na bhfuinneog agus ar an ngloine bhí an comhartha DRAMHAÍL péinteáilte go dona i litreacha a bhí ag scamhadh den ghloine. Bhí roinnt cré-earraí lámhdhéanta i bhfuinneog amháin, seanchathaoir luascáin sa cheann eile agus seál, a bhí ite ag na leamhain, caite air. Scaipthe thart ar na príomhthaispeántais seo bhí gach cineál dramhaíola cultúrtha: crú capaill, clog lámhthochraiste, rud mistéireach éigin as déirí, grianghraif i bhfrámaí, vásaí agus píosaí beaga briste astu, deilbhíní, seanspéaclaí léitheoireachta ina gcásanna, seanseodra culaithirte, seanteileafóin, consóil cluichí a bhí dulta as feidhm, paidrín seanchaite, agus carnán de sheancheirníní hi-fi agus “Bail Mhaith” marcáilte orthu, ach é soiléir go raibh siad scríobtha. Bhuail sé isteach as taghd.

Bhí sé fionnuar agus measartha dorcha laistigh. Rinne cos an rampa balla amháin, fairsinge fholamh ard dhorcha de choincréit, ar nós balla pluaise faoin bhfarraige. Sna scáileanna a bhí ag cúlú uaidh anois, bhí troscán téagartha, seanbhréagáin, boscaí sceanra, coinnealraí, cupáin de gach cuma agus dath carntha go guagach i gceann a chéile, na hacraí de phictiúir dhíblí agus de thuirní bréagsheanda a bhí ag iompú ina bhfíorsheandachtaí anois cé go raibh siad gan mhaith i gcónaí.

As an bhfairsinge dhorcha seo a bhí breac le nithe nár bhain le haon duine, nocht cruth mór, mar a bheadh sé ag snámh ar an aer go mall, ciúin, péistiúil. D’ardaigh an t-úinéir a uillinn cham chlé agus dúirt, “Lá maith. An bhfuil rud uait?”
“Buíochas. Ní raibh mé ach ag amharc.”
“Lean ar aghaidh leis an ngníomhaíocht,” a dúirt an t-úinéir.
Tharraing sé siar beagáinín isteach sna scáileanna agus sheas sé gan chorraí. D’amharc sé ar an solas ag rince ar roinnt seanchleití gioblacha péacóg, d’fhéach sé ar theilgeoir le haghaidh scannán baile ó 1950, foireann tae i ngorm agus bán, carn irisí a raibh praghas measartha ard orthu. D’ardaigh sé casúr de chruach tathagach agus thaitin a chothromaíocht go mór leis; b’uirlis dhea-dhéanta í, rud maith. “An é seo do rogha féin?” a d’fhiafraigh sé den úinéir, agus fonn air a fháil amach cén rud ab áil leis an úinéir as turscar seo na mblianta flúirse.

Arna chóiriú as *The Lathe of Heaven* le Ursula K. Le Guin, Scribner, 2008.

## Sliocht D

An áit a gcaithinn an samhradh le linn m'óige, is áit cuimhní é, cuimhní glórmhara órga nach féidir aon mhaise a chur orthu le himeacht an ama ná le cumha mhaoithneach. Tig liom íomhánna de pháistí sona a shamhlú ag súgradh i ndomhan dathannach amhail is a tharla sé inné. Tá sé mar a bheifeá ag siúl isteach i bpictiúr, i bpictiúr an-speisialta.

Ní raibh gairm shíoraí na teicneolaíochta ina laincis ar an óige an uair sin. Tréimhse chruthaitheachta, shamhlaíochta agus cluichí a bhí ann. Bhí na laethanta mar a bheidís lán sceitimíní. Thar aon rud eile, sa teaghlach s'againne ar aon nós, b'am é nuair nach mbíodh aon bhaint againne leis na cruacheisteanna i saol na ndaoine fásta.

Bhí teach mór tarraingteach fairsing ag ár gcuid seantuismitheoirí agus is maith d'fhóireadh sé do pháistí a thagadh ar saoire. Ní fhéadfá a rá gur mhainéar galánta tuaithe a bhí ann; bhí sé spréite amach ar mhuin mhairc a chéile, é lán cúinní cúlráideacha. Bhí staighrí dorcha ann ionsar léibhinn bheaga agus doirse a d'osclaíodh isteach ina lán seomraí, cuid acu beag agus cuid acu mór. Shíl muidne páistí go raibh an áit ábhalmhór. Bhíodh éan buí ag ceol i gcás gleoite bánbhuí i seomra thíos staighre agus, dála a lán tithe ag an am sin, bhíodh éin stuáilte de chineálacha éagsúla ar a bhfara faoi chruinneacháin ghloine a bhíodh ina suí ar chófraí móra. Amuigh ar gcúl a bhí an fhíordhraíocht, áit a raibh gairdín aoibhinn cruthaithe ag mo sheanmháthair. B'áit ollmhór é – dar linne ar aon nós – agus b'eachtra ann féin é; chóir a bheith go gcaillfí páiste i measc an fhásra.

Nuair a d'fhágtaí linn féin muid, bhíodh saol draíochta lán eachtraí againn. Bhímis ag sleamhnú síos stácaí féir nó ag iascaireacht le próca agus le líontán beag ar hanla bambú. Chuamar as sin go dtí cluichí fiáine a bhíodh contúirteach uaireanta. Bhímis ár dtástáil féin, ag tabhairt dhúshlán na nithe a chuireadh eagla orainn agus ag cur eolais ar ár gcuid láidreachtaí agus laigí. Bhí cosc ar a bheith ag léim anuas ó bhalla ar dhroim an tseanchapaill fhoighnigh, sleamhnú dó, titim ar an talamh agus ansin dreapadh suas lena dhéanamh arís – cosc iomlán – ach bhí sé sin ar na nithe ba mhó a chuireadh aoibhneas orainn. Chuirimis na paistí brúite ar ár gcraiceann i gcomparáid lena chéile níos moille agus muid bródúil astu. Feictear dom anois go mbímis ag gáire ó mhaidin go hoíche.

Bhíodh laethanta fada aoibhne ann nuair nach mbímis ag rith fiáin faoin tuath máguaird, nuair a chaithimis an t-am i ngairdín ár seanmháthar. Bhímis sna flaithis ar laethanta marbhánta ag léamh ár gcuid leabhar nó ag caint léi sin, gan aon rud le cloisteáil ach dordán na mbeach agus gíoglach na n-éan, agus thart timpeall orainn gach áit, boladh cumhra na mbláthanna galánta dathannacha. Ba gheall le pictiúr le Mildred Anne Butler an gairdín; leoga b'fhéidir gur ar phictiúr léi sin a bhí sé bunaithe.

Tá cárta poist agam de 'An Flacs Liathchorcra, Cill Mhuire' a phéinteáil an t-ealaíontóir iontach sin beagnach céad bliain ó shin. Tá rud éigin ag baint leis an saothar ciúin síochánta sin a thugann siar go laethanta samhraidh úd m'óige mé. Ní gairdín foirmiúil atá sa phictiúr ach cabhsa leathan fásta agus sprais den líológ i measc an iliomad imir den ghlas agus den bhuí. Tá geata oscailte i gceann an chabhsa ag cur cuireadh orainn isteach sa phictiúr. Is maith liomsa a shamhlú go mb'fhéidir go bhfuil seanteach samhraidh taobh thiar den gheata, cosúil leis an seanteach glas agus bán a mbímis ag súgradh ann …

Arna chóiriú as *Childhood Summers* le Jane Shortall, Mining Memories, www.writing.ie, Meitheamh 2011.

## Sliocht E

Bhí an tarra bog faoi chois i gclós Mhic Eochaidh. Bhí madra amháin ina chodladh idir na barraí de bheathaitheoir eallach a bunoscionn. Bhí ceann eile ina shuí go hairdeallach ar charn de mhálaí leasacháin. Bhí Mac Eochaidh ina sheasamh faoi scáth bhoth na soláthairtí, an léine bhán a chaitheadh sé gach aon lá taobh amuigh dá threabhsar mar gheall ar an aimsir. Struchtúr mór cosúil le scioból a bhí sa bhoth, é lán rudaí a dhíoladh sé le feirmeoirí na háite: beathú le haghaidh eallach agus caorach, síolta agus grán, burlaí de shreangán agus drumaí ola. Bhí cuaillí fálta d'fhaid agus de dhathanna éagsúla i gcoinne an bhalla cúil. Bhí boinn agus molchaidhpeanna agus páirteanna de sheaninnill, a baineadh as tarracóirí agus as jípeanna seanchaite, carntha, crochta agus caite i gcúinní.

Choimhéad sé le linn do Tom a bheith ag teacht ina threo, gan chorraí gan chaint go dtí go raibh sé taobh istigh de chúpla troigh de. B'fhear saibhir é Mac Eochaidh. Rinne sé níos mó airgid as na carbradóirí leathmheirgithe agus as na saileanna adhmaid in imeacht na mblianta ná mar a rinne sé as na málaí gráin, na galúin pheitril, an siopa agus an beár le chéile, ach ní raibh a chomhartha sin air. Ba í an léine bhán chéanna a chaitheadh sé an tseachtain ar fad: í salach faoin Máirt, brocach faoi Déardaoin. Bhí an veain a thiomáineadh sé chomh sean leis an díle, loig dhoimhne brúite inti ar thaobh amháin.
"An bhfuil aon sreangán fágtha agat?" a d'fhiafraigh Tom.
Rinne Mac Eochaidh gáire faoin gceist. "An bhfuil aon sreangán agam, a Tom? Flúirse sreangáin, barraíocht den stuif. Sin an rud atá agam."

Arna chóiriú as *Solace* le Belinda McKeown, Picador, 2011.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

# EALAÍN

## Dearadh

## Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 3 Bealtaine – Dé hAoine, 13 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 19 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, ábhair do cholláis, ábhar do mheáin mheasctha, rialóir, crosbhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead agat** obair ealaíne réamhullmhaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Ní mór an bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ar an mbileog ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu in aon mheán oiriúnach a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir líníochtaí, staidéir dhatha agus cineálacha eile de thaighde amhairc a chur san áireamh. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna a gearradh amach chomh maith le líníocht le peann, peann luaidhe, péint nó aon mheán oiriúnach, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (20 marc)**

Sa scrúdú, ba chóir duit do bhileog A2 de réamhsceitsí a dhéanamh ar dtús. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do Bhileog de Sceitsí Ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí a úsáid**, iad daite más mian leat. Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do Bhileog Réamhsceitsí a chóipeáil go díreach ón mBileog de Sceitsí Ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: An Moladh Dearaidh Deireanach (80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do Mholadh Dearaidh Deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d'aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeidh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- do Bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- do Bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- do **Mholadh Dearaidh Deireanach**.

# Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**
Go luath ar maidin nuair a shroich an bád Learpholl, fuair sí cúnamh lena cuid bagáiste ó ghiolla a bhí ina Éireannach. Nuair a dúirt sí leis nach raibh sí ag seoladh go Meiriceá go dtí níos déanaí an lá sin, mhol sé di a cuid cásanna a thabhairt síos láithreach go dtí seid ina raibh cara leis féin ag obair, gar don áit a dtagadh na línéir thrasatlantacha le cé; dá luafadh sí a ainm leis an bhfear san oifig, bheadh faoiseamh aici uathu an chuid eile den lá. Chonaic sí Jeaic a luaithe agus a thuirling sí den bhád. Shiúil siad síos na dugaí gnóthacha i dteannta a chéile fad agus a bhí longa á luchtú agus á ndíluchtú. Bhí Jeaic tar éis a thabhairt faoi deara cheana féin go raibh an línéar ar a raibh Eilís le seoladh tagtha le cé agus chomh luath agus a bhí na cásanna fágtha sa tseid acu faoi mar a bhí socraithe, chuaigh siad chun é a iniúchadh. Bhí sé ina sheasamh leis féin, é ollmhór agus níos galánta, níos gile agus níos glaine ná na longa lastais a bhí ina thimpeall. 'Tá sé seo chun tú a thabhairt go Meiriceá,' arsa Jeaic.

Bhí sé dian uirthi a cuid cásanna a iompar síos staighrí cúnga an línéir agus bhí ar Eilís gluaiseacht go leataobhach ar an bpasáiste agus í ag leanúint na gcomharthaí i dtreo a cábáin. Bhí a fhios aici go raibh gach áit ar an línéar curtha in áirithe don turas agus go mbeadh uirthi cábán a roinnt. Seomra beag bídeach a bhí ann. Bhí leaba bhuinc ann ach ní raibh aon fhuinneog air, fiú poll a ligfeadh an t-aer isteach, agus doras isteach chuig seomra folctha beag bídeach, agus faoi mar a cuireadh in iúl di, a rinne freastal ar an seomra ar an taobh eile freisin. Go tobann, osclaíodh an doras agus tháinig bean isteach, í ag tarraingt trunc mór ina diaidh. Níor thug sí aon suntas d'Eilís, a sheas suas láithreach agus a d'fhiafraigh di ar theastaigh cabhair uaithi. Tharraing an bhean an trunc isteach sa chábán beag bídeach agus rinne sí iarracht an doras a dhúnadh ach ní raibh dóthain spáis ann chuige sin. 'Tá tusa ar an mbunc uachtair. Ciallaíonn uimhir a haon an bunc íochtair agus sin atá ar mo thicéadsa,' arsa an bhean. 'Bog leat, mar sin. Georgina is ainm domsa.'

Níos déanaí, nuair a tosaíodh inneall an bháid, ar chosúil go raibh sé an-ghar go deo don chábán, agus nuair a thosaigh bonnán mór ag séideadh go tráthrialta, thug Georgina cuireadh d'Eilís teacht ar deic agus soilse Learphoill a fheiceáil agus iad ag fágáil. Fuair Eilís a cóta agus a scaif agus lean sí í, agus chuaigh sé dian uirthi a bealach a dhéanamh go mall réidh thar an trunc. Níor thuig sí conas a d'éirigh le Georgina é a thabhairt anuas an staighre. Níor éirigh léi féachaint go grinn ar an mbean a raibh sí ag roinnt an chabháin léi nó go raibh siad ina seasamh ar an deic agus solas an lae ag dul i léig. Mheas sí go raibh Georgina idir deich mbliana fichead agus dhá scór, cé go mb'fhéidir go raibh sí níos sine ná sin. Bhí dath fionnbhán ar a cuid gruaige, agus bhí stíl ghruaige aici mar a bheadh ag réalta scannán. Bhí sí muiníneach ina cuid gluaiseachtaí, agus nuair a las sí toitín agus nuair a tharraing sí air, ón gcaoi ar theann sí na beola agus ar leathdhruid sí a cuid súl agus ar shéid sí an deatach óna cuid polláirí, bhí an chosúlacht uirthi go raibh sí thar a bheith maorga agus galánta.

Thit an dorchadas go tapa agus d'ardaigh an ghaoth ar an deic. D'aimsigh Eilís an seomra bia den tríú grád agus shuigh sí léi féin fad a bhí freastalaí aonair ag leagan na mbord ina timpeall. Faoi dheireadh, thug sé faoi deara í agus gan fiú biachlár a thaispeáint di, thug sé babhla d'anraith damheireabaill chuici i dtús báire agus ina dhiaidh sin béile a raibh sí den tuairim gur caoireoil bhruite i súlach a bhí ann le prátaí agus piseanna.

Arna chóiriú as *Brooklyn* le Colm Tóibín, Penguin Books, 2015.

**Sliocht B**

Má tá an neamhshaoltacht ar an liosta de rudaí atá le déanamh agat, ba chóir duit triail a bhaint as eispéireas na Veinéise. Anois agus é geallta go bhfuil grian an tsamhraidh faoi urchar méaróige di, tá an ceo ag ardú ó Chathair na nDroichead agus is féidir leat a cuid cruthanna a fheiceáil á nochtadh féin os comhair do shúl.

Agus bí ag caint ar chruthanna – aghaidheanna barócacha; cruthanna gáifeacha gotacha na Veinéise; cloigthithe; murláin le cloigne leon … meascán uathúil i ngach fráma, ó chian agus ó chóngar; sean agus nua. Is cathair í ina bhfuil codarsnacht atá thar a bheith suntasach idir an solas agus an scáth. Bíonn pasáistí beaga scáthacha nó am a chaitear faoi dhroichid á leanúint ag scaláin ghréine ag lonrú ar an uisce. Mothaíonn tú mar phearsa bheag atá ag fánaíocht thart ar cheann de na canbháis iontacha de chuid an Renaissance nach mbeidh riamh rófhada ó cibé pointe ina bhfuil tú; lán le saothair de chuid Tinteretto agus Bellini agus Titian agus iad pulctha isteach i gcúinní sárshnoite. Is é an cleas a bhaineann leis an Veinéis ná go sleamhnaíonn tú tríthi. Agus molaim go dtosófá do chuairt ag déanamh turas 'S' síos an Chanáil Grande agus isteach go duga San Marco. Dar ndóigh, seasann an 'S' do "*La Serenissima*", nó "An Áit is Suaimhní", an t-ainm ceana a thugtar ar an Veinéis de ghnáth. Is cuma má thosaíonn tú ó na stáisiúin bhus nó traenach ón Piazzale Roma, nó má thagann tú go díreach ón aerfort, téigh ar an uisce agus tabharfaidh do thuras 'S' faoi dhroichead Rialto gan mhoill thú, agus tú ag gluaiseacht thar na margaí iontacha éisc agus torthaí.

Tá páláis mhórthaibhseacha a théann siar chomh fada leis an 13ú haois suite le hais na canála, a n-aghaidheanna galánta ag síneadh ceann ar cheann i ndiaidh a chéile. Agus is fíor é, is féidir leat gondalóirí a chloisteáil ag canadh agus iad ag sleamhnú thart ort ar mhórbhealach na cathrach seo. Beidh a fhios agat faoi seo go bhfuil tú in áit nach bhfuil cosúil le háit ar bith eile. Cibé modh iompair atá agat, socraigh tú féin chun an chéad spléachadh a fháil ar radhairc a fhágfaidh cuimhní agat nach ndéanfaidh tú dearmad choíche orthu. Rachaidh tú isteach sa Piazetta San Marco ón gcé idir dhá cholún mhóra de chloch eibhir a iompraíonn dealbha de San Theodore, agus de leon a bhfuil sciatháin air - suaitheantas Naomh Marcas, iar-naomhphátrún agus pátrún reatha na cathrach.

Ar an taobh thoir, feicfidh tú pálás mórthaibhseach an Doge – áras rialtóirí Phoblacht ársa na Veinéise agus a ionad rialtais a bunaíodh i 1340. Cuireann an taobh amuigh, a bhfuil dath bán agus dath an róis air, leis an mothú fantaiseach a chruthaíonn an foirgneamh fíorornáideach seo. Tá sé lán d'iontais ar an taobh istigh – Halla na Mórchomhairle agus an staighre Órga. Le linn do chuairte, taistealaíonn tú trí Dhroichead na nOsnaí – ar tugadh an t-ainm sin air mar lig na fuinneoga ar an droichead ón bpálás isteach an spléachadh deiridh ar sholas na gréine a fuair príosúnaigh sular tugadh síos staighre iad chuig na doinsiúin bhrocacha a bhí thíos faoin bpálás.

Ach ná bí sáite sa taise nuair atá an oiread sin nithe oirirce le feiceáil. Tá Baisleac Naomh Marcas le hais an pháláis agus ní haon díol iontais é gur ionad oilithreachta atá ann leis na céadta bliain. Tá aghaidheanna air a bhfuil mósáicí óir orthu agus na ceithre chapall cré-umha ag gluaiseacht chun tosaigh go caithréimeach – ag seasamh do chreachadh Chathair Chonstaintín ag crosáidithe Veinéiseacha in 1204 – os cionn léibheann an phríomhdhorais. I measc stuaraí na bhfoirgneamh comhcheangailte a chomhlánaíonn Cearnóg Naomh Marcas tá siopaí ina bhfuil só-earraí agus caiféanna atá an-ársa agus an-chostasach, mar Chaifé Florian – a mbíodh an Tiarna Byron ag tarraingt air. Tá sé lán d'fhuaim – is iontach a bheith i do shuí lasmuigh, San Marco thíos fút agus tú ag éisteacht le Vivaldi á sheinm beo – agus d'fhearg – nuair a fhaigheann tú amach go bhfuil €6 á bhaint amach ar an gceol a théann le do cappuccino.

Tá an t-ardséasúr fada sa Veinéis – ó Bhealtaine go Meán Fómhair is féidir leat a bheith ag súil le bheith ag tarraingt na gcos trí na sráideanna cúnga plódaithe. Mar sin, baineann buntáistí le dul ann sa gheimhreadh. Ach b'fhéidir go mbeadh ort péire buataisí a fháil ar iasacht má bhíonn tuilte ann. Tá sé an-aisteach bonnáin aer-ruathair a chloisteáil sa tráthnóna agus iad ag folmhú tithe tábhairne agus bialanna i gcúpla nóiméad agus rabhadh á thabhairt acu do na Veinéisigh go bhfuil "acqua alta" nó uisce ard ar an mbealach – rud a chiallaíonn go mb'fhéidir go mbeadh ort dul ag spágáil suas go dtí do ghlúine i roinnt spotaí ar an mbealach abhaile. Más mian leat a bheith i gcuideachta na n-áitritheoirí rachmasacha leis na cótaí fionnaidh, is féidir leat freisin peataireacht a dhéanamh ort féin le cuairt chuig áras galánta ceoldrámaíochta La Fenice.

Arna chóiriú as *La Serenissima is Sublime*, *Irish Examiner*, Weekend, Aibreán, 2015.

**Sliocht C**

Tá rud éigin mór ag tarlú in Iardheisceart Chiarraí agus tá na féidearthachtaí a bhaineann leis nach mór gan teorainn. Tá cáil bainte amach ag an gceantar cheana féin mar thoradh ar an radharc tíre álainn atá ann, ach anois i ndorchadas na hoíche, tá domhan eile á aimsiú atá idir a bheith corraitheach agus draíochtach. Fáilte chuig Tearmann Idirnáisiúnta na Spéire Dorcha i gCiarraí.

Má fhuaimníonn sé mistéireach lig dom thú a chur ar an eolas. Réimse talún is ea Tearmann Spéire Dorcha ina mbíonn leibhéil an tsolais an-íseal san oíche agus dá bhrí sin bíonn an spéir sách dorcha le gur féidir radharc soiléir a fháil ar na réaltaí, ar na pláinéid agus ar reanna neimhe eile. Is féidir leis seo tarlú in áiteanna iargúlta, atá i bhfad ó shoilse geala na gcathracha agus na mbailte móra atá ag méadú an t-am ar fad le sraoilleáil na sibhialtachta. Dá bhrí sin, tá Tearmann Spéire Dorcha an-úsáideach do réalteolaithe, do réaltfhisiceoirí agus d'eolaithe eile.

Ar na ceantair atá i dTearmann na Spéire Dorcha (a bhfuil timpeall 700 ciliméadar cearnach ann) tá na Cealla, Cathair Saidhbhín, Dairbhre, an Caladh, an Gleann, Baile an Sceilg, an Coireán, an Dromaid agus Cathair Dónall, iad ar fad mar chuid de Chamchuairt álainn Chiarraí a bhfuil cáil uirthi ar fud an domhain.

Amharcann spéir dhorcha Iardheisceart Chiarraí anuas ar réigiún ina bhfuil saibhreas fiadhúlra, beatha mhuirí, flóra agus fána atá neamhghnách (chomh maith le roinnt speiceas atá i mbaol mar Lile Chiarraí, Magairlíní na mBeach, an Cnádán, an Madra Uisce agus an Giorria Dúchasach Éireannach). Tá flúirse deilfeanna in uiscí an Aigéin Atlantaigh. Níl na Scealga, ar a bhfuil Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO, ach naoi míle amach ó chósta Bhaile an Sceilg. Is ansin atá fothracha mainistreach Críostaí atá tuairim is 1,300 bliain d'aois chomh maith le tearmann éan fiáin ina bhfuil an dara coilíneacht is mó sa domhan de Ghainéid Thuaisceartacha. Is féidir míolta móra a fheiceáil go minic sna bólaí seo fiú.

Luíonn sé le réasún gur dídean don fhiadhúlra atá anseo agus go mbraitheann siad ar an rithim nádúrtha de thimthriall an lae agus na hoíche chun go mairfidís, iad scoite amach ó dhallrú ionsaitheach díobhálach an tsolais a chruthaíonn an duine. Tá scoil, páirc spraoi, séipéal, teach tábhairne agus fiú monarcha bheag seacláide sa chroí-limistéar. Is féidir leat teach a fháil ar cíos, fanacht i mbrú nó áit a fháil i lóistín Leaba agus Bricfeasta i gceantar an chroí-limistéir. Tá mórán eile áiseanna i gcomhair cuairteoirí i mórcheantar an Tearmainn, mar láithreáin champála agus charbhán, árasáin féinfhreastail agus óstáin.

Is féidir leo siúd ar suim leo na láithreáin oidhreachta áitiúla leas a bhaint as Treoraí Oidhreachta chun iad a thabhairt ar shiúlóid chuig mórán áiteanna suimiúla. Chomh maith leis sin, amach anseo, cuideoidh an t-ainmniú mar Thearmann Spéire Dorcha le caomhnú na láithreán ársa oidhreachta atá in Iarthar Chiarraí, cromleaca, clocha Oghaim, liosanna, sraitheanna gallán agus ealaín charraige. Is féidir leo siúd ar spéis leo an réalteolaíocht nó an réaltfhótagrafaíocht, dul amach san oíche le Treoraí Réaltóireachta a thabharfaidh iad go dtí an pointe is gaire don áit ina bhfuil a lóistín agus a thaispeánfaidh na radhairc iontacha dóibh i ndáiríre.

Chomh maith leis sin, tá grúpa Spéir Dhorcha Chiarraí ag déanamh scannán iar-aga a thaispeánfaidh gluaiseacht na réaltbhuíne ar bhealach álainn. Tá a ghrúpa réalteolaíochta féin ag an Tearmann – Grúpa Réalteolaíochta Chiarraí Theas – agus lárionad acu ar an gCoireán. Chaith foireann scannánaíochta ón tSeapáin cúig seachtaine anseo ag déanamh clár faisnéise caoga nóiméad (ar a dtugtar *Number One in the World – Best Place for Star-Gazing*). Is féidir é a fheiceáil anois ar an suíomh idirlín iontach atá ag Tearmann Spéir Dhorcha Chiarraí.

I dTearmann Idirnáisiúnta na Spéire Dorcha i gCiarraí feicfidh tú i bhfad níos mó réaltaí ná mar a thaispeántar ar gnáthléarscáileanna na spéire – an oiread sin acu go deimhin go mbaintear siar as mórán réalteolaithe seanchleachta agus go mbíonn siad ag streachailt go háthasach i dtús báire agus iad ag iarraidh fiú an réaltbhuíon is so-aitheanta a chuardach. Gan cúnamh ó aon trealamh réalteolaíochta ná aon scagairí, féach banda álainn Bhealach na Bó Finne, Réaltra Andraiméide, Réaltbhraislí agus Réaltnéalta agus i bhfad níos mó ná mar a shamhlaigh tú riamh roimhe sin. Téigh ag faire ar shatailítí, ag féachaint ar an ngealach, ag tóraíocht pláinéad, nó díreach ag baint taitnimh as iontas na 'réaltaí reatha' … aimsigh taobh DORCHA Chiarraí agus mothóidh tú iontas na spéire – díreach mar a rinne ár sinsir tráth dá raibh.

Arna chóiriú as *Look Up! – It's Kerry*, le hAnne Keeling, *Ireland's Own*, Márta, 2015.

## Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas:

### 1. Litreoireacht agus Peannaireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Pas bordála / ticéad don línéar trasatlantach atá luaite i Sliocht A.

(b) Biachlár do Chaifé Florian atá luaite i Sliocht B.

(c) Bileog fógraíochta do thurais oidhreachta Iardheisceart Chiarraí atá luaite i Sliocht C.

Is féidir íomhánna agus móitífeanna maisithe a bheith ann. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

### 2. Líonóilghearradh agus Priontáil

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Íomhá a bhfuil báid nó dugaí mar bhunús léi agus atá bunaithe ar Shliocht A.

(b) Íomhá a bhfuil 'Chathair na nDroichead' mar bhunús léi agus atá bunaithe ar Shliocht B.

(c) Íomhá bunaithe ar an bhfiadhúlra atá luaite i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do phrionta a úsáideann **trí dhath ar a mhéad**.
Cuir san áireamh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le líne, cruth, contrárthacht agus uigeacht.
Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

### 3. Fabraicphriontáil agus Baitíc

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún faoi théama an taistil bunaithe ar Shliocht A.

(b) Taipéis bhalla do Phálás an Doge bunaithe ar Shliocht B.

(c) Athphatrún bunaithe ar 'Lile Chiarraí agus Magairlíní na mBeach' atá luaite i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil, do bhaitíc nó do stionsalphriontáil. Úsáid dhá dhath ar a laghad i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**4. Bróidnéireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal bróidnithe bunaithe ar na híomhánna i Sliocht A.

(b) Píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B.

(c) Taipéis bhalla bhróidnithe bunaithe ar na híomhánna de na Scealga a bhfuil cur síos orthu i Sliocht C.

Ní mór duit sonraí na n-ábhar a d'úsáidfeá chun do dhearadh a dhéanamh a thabhairt. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**5. Fíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal fite a bheadh oiriúnach do phasáiste an línéir atá luaite i Sliocht A.

(b) Taipéis bhalla bunaithe ar 'scaláin ghréine ag lonrú ar an uisce' atá luaite i Sliocht B.

(c) Ruga a bhfuil réaltaí, pláinéid agus réaltraí mar bhunús leis agus atá bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir sonraí na n-ábhar atá le húsáid a thabhairt í do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**6. Criadóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Trinsiúr a bheadh oiriúnach chun bia a riar bunaithe ar Shliocht A.

(b) Painéal rilífe glónraithe bunaithe ar na híomhánna a bhfuil cur síos orthu i Sliocht B.

(c) Árthach bunaithe ar 'cromleaca, clocha Oghaim, liosanna, sraitheanna gallán agus ealaín charraige' atá luaite i Sliocht C.

Tabhair sonraí na dteicníochtaí atá le húsáid chun an saothar ceirmeach a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**7. Puipéadóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) 'Georgina' bunaithe ar Shliocht A.

(b) Gondalóir bunaithe ar Shliocht B.

(c) Réalteolaí bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir do dhearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Ba chóir duit an chaoi a ndéanfar an puipéad a léiriú, agus sonraí a thabhairt maidir le hábhair, dath, maisiúchán agus bailchríoch. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**8. Leabharcheardaíocht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Vallait do dhoiciméid chun ticéid taistil a choinneáil inti, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Comhad bosca chun earraí cuimhneacháin ó thuras chun na Veinéise a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Fillteán maisithe chun cairteacha de na réaltaí agus léarscáileanna a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir cruth ar bith a bheith ar do dhearadh agus ba chóir duit an chaoi a ndéanfar é a léiriú. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taispeántas clár fógraí ag déanamh fógraíochta ar 'línéir thrasatlantacha' bunaithe ar Shliocht A.

(b) Clúdach do leabhar ar an Veinéis bunaithe ar Shliocht B.

(c) Lógó do Thearmann na Spéire Dorcha atá luaite i Sliocht C.

Ní mór duit litreoireacht a úsáid. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh faoin téama 'imirce' bunaithe ar Shliocht A.

(b) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh bunaithe ar an ailtireacht a bhfuil cur síos uirthi i Sliocht B.

(c) Plaic balla do Ghrúpa Réalteolaíochta Chiarraí Theas atá luaite i Sliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh sonraí na n-ábhar agus na dteicníochtaí a d'úsáidfí chun an saothar a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**11. Seiteanna Stáitse**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit stáitse do chur i láthair bunaithe ar Shliocht A.

(b) Taispeántas fuinneoige chun turas ar ghailearaí a chur chun cinn bunaithe ar Shliocht B.

(c) Seit stiúideo do chlár teilifíse dar teideal 'Fairtheoir na Réaltaí' bunaithe ar Shliocht C.

Tabhair sonraí maidir le hábhair, dath agus soilsiú, maisíochtaí agus frapaí. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 3 Bealtaine – Dé hAoine, 13 Bealtaine**

**Maidin, 9:30 – 12:00 Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 19 Aibreán**

### Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb í do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead agat** aon **áiseanna amhairc** eile, e.g. grianghraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne réamhullmhaithe, a thabhairt isteach sa scrúdú lena gcóipeáil.

Ceadaítear úsáid a bhaint as aon ábhar ceardaíochta agus as aon uirlis atá oiriúnach chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair orgánacha mheatacha a úsáid.

Scríobh **do scrúduimhir agus an leibhéal** ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh **uimhir na ceiste** a roghnaigh tú, agus **an teideal**, ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

## Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ní mór an Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ar an mbileog ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar thaobh amháin den bhileog A2. Má roghnaíonn tú úsáid a bhaint as grianghraif nó as íomhánna a bhí i gcló, chomh maith le líníocht le peann luaidhe, le peann, le péint nó le hobair cholláise, etc., ní mór íomhánna dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích ar dtús le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin a fhorbairt. Ba chóir go mbreithneofá gnéithe den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. **Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do bhileog réamhsceitsí a chóipeáil díreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin**. Is ceadmhach sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na dálaí amhairc, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Chomh maith leis na sceitsí d'fhorbairt na smaointe, ba chóir an dearadh atá i gceist agat a dhéanamh sa cheardaíocht atá roghnaithe agat a thaispeáint. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus gan ach sceitsí a úsáid, agus iad daite más mian leat**. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: An Cheardaíocht Chríochnaithe (90 marc)

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an scrúdaithe. Ba chóir tagairt don chiorclán **S11/16** mar a bhfuil na treoracha ar leith a bhaineann le gach ceist ar leith.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

- do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin
- do bhileog A2 de Réamhsceitsí
- aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist a d'fhreagair tú)
- do phíosa ceardaíochta críochnaithe, más píosa déthoiseach é.

Más ceardaíocht thríthoiseach a dhéanann tú, is cóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí greamaithe di.

## Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

## 1. Leabharcheardaíochtaí

Dear agus déan comhad bosca **nó** fillteán do dhuine **amháin** díobh seo a leanas:

(a) dearthóir grafaicí

(b) mac léinn innealtóireachta

(c) ceoltóir.

Ní mór don leabharcheardaíocht chríochnaithe feidhmiú agus ní mór clúdach agus meicníocht dúnta bheith uirthi.
An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: Éagsúlacht páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair chollálse, greamacháin agus uirlisí cuí, etc.

## 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar Théacs (a) **nó** ar Théacs (b). Ní mór **ceithre líne ar a laghad** a scríobh as an téacs a roghnaíonn tú. Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó cur chuige nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníc chuí ar bith eile a úsáid.

**Téacs (a)**

Sna gairdíní eile
Agus suas feadh an ghleanna,
Ó thinte cnámh an fhómhair
Féach rian na toite!

Samhradh taitneamhach thart
Is bláthanna uile an tsamhraidh,
An tine dhearg ina caor,
An toit liath ag éirí in airde.

Abair amhrán na séasúr!
Rud geal i ngach ceann!
Bláthanna sa samhradh,
Tinte san fhómhair!

Arna chóiriú as *Tinte an Fhómhair*
le Robert Louis Stevenson

**Téacs (b)**

An ghaoth ina díle dorchadais i measc na gcrann séidte,
An ghealach ina gaileon taibhsiúil á chartadh
ar fharraigí néaltacha,
An ród ina ribín de sholas na gealaí ar an móinteán corcra,
Agus tháinig an gadaí bóthair ag marcaíocht -
Ag marcaíocht - ag marcaíocht -
Tháinig an gadaí bóthair ag marcaíocht, go dtí doras an tseantí ósta.

Arna chóiriú as *An Gadaí Bóthair* le Alfred Noyes

**Ábhair**: dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta – **an t-uasmhéid A2**; éagsúlacht ábhar do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacairt, etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú**, **á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Taispeántas de Dhearadh na hÉireann

(b) Féile Idirnáisiúnta Litríochta

(c) Comórtas Damhsa Uirbigh

**nó**

Dear agus déan bileog eolais chun an t-itheachán sláintiúil a chur chun cinn.

Níor chóir do do shaothar a bheith níos mó ná A2 ar an toise is mó. Ní mór duit litreoireacht a bheith san áireamh i do shaothar críochnaithe. **Ní mór leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. Is ceadmhach úsáid a bhaint as stionsal den aibítir (litreacha indibhidiúla amháin) atá gearrtha agat féin. Ba chóir an stionsal a chur isteach freisin.
**Ábhair**: rialóir, crosbhacart, páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, greamachán, scuaba, péinteanna, dúigh nó aon mheán eile a thriomaíonn go tapa, etc.
Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 4. Fíodóireacht

Freagair (a) **nó** (b):

(a) Dear agus figh mata boird bunaithe ar thonnta agus ar fheachtaí mara

(b) Dear agus figh taipéis bhalla bunaithe ar chiorcaid leictreonacha.

Úsáid ábhair agus teicnící éagsúla san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr maise a chur ar do shaothar.
**Ábhair**: dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma; éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) flóra agus fána

(b) saighdiúirí agus éidí

(c) iascairí agus báid.

Ba chóir go mbeadh toisí 15cm × 20cm ar a laghad i do phrionta críochnaithe. Is ceadmhach dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad air. Ba chóir cineálacha éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar.
**Ábhair**: píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach bhfuil níos lú ná 15cm × 20cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa, uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
**N.B.** *Má tá do chuid priontaí fliuch fós ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach trédhearcach iad sula gcuireann tú sa chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir do bhlo(i)c líonóile (agus plaisteach mórthimpeall air/orthu) a chur isteach freisin, chomh maith le do chuid rianuithe.*

## 6. Puipéadóireacht

Dear agus déan puipéad miotógach **nó** puipéad slaite **nó** puipéad ar iall bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) leanúnaí spóirt

(b) cleasaí sorcais

(c) file.

Ba chóir go mbeadh an puipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh cabhail do phuipéid níos mó ná 100cm ar an toise is mó. **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Caithfear na baill choirp uile a chur le chéile, a dhathú agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe**.
**Ábhair**: fabraic, snáithe, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, etc., bunchruth na miotóige agus an fhuáil déanta, an bhunchabhail déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó as ábhair éadroma eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) scátháin agus frithchaithimh

(b) fuinneoga agus doirse

(c) tithe gloine agus gairdíní.

Is ceadmhach priontáil ar chúlra de do rogha féin atá oiriúnach don dearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún ar phíosa fabraice bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) margaí agus stainníní

(b) tonnchláir agus tránna

(c) scáthanna báistí agus éadaí báistí.

Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Ba chóir duit aird a thabhairt ar ghluaiseacht, ar shreabhadh agus ar nascacht. Níor chóir go mbeadh do theicstíl lámhphriontáilte chríochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) faoi uisce

(b) fiadhúlra na hÉireann

(c) an grianchóras.

**Ba chóir do bhaitíc a thumadh go hiomlán uair amháin ar a laghad le linn an phróisis**.
Níor chóir lámhphéinteáil a dhéanamh ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. Níor chóir go mbeadh do bhaitíc níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, frámaí, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) plaic rilífe oiriúnach don "Duais don Ghairdín is Fearr"

(b) dealbhóireacht cheirmeach a cheiliúrann ailtireacht na hÉireann

(c) soitheach ceirmeach bunaithe ar bhláthanna agus ar dhuilliúr.

**Ní mór duit do shaothar a bhácáil** agus ba chóir é a mhaisiú le hábhair oiriúnacha, e.g. sleamhnáin, glónraí agus ocsaídí. Ceadaítear am chun do shaothar a bhácáil agus a ghlónrú.
An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: cré a réamhullmhaíodh go cuí do do rogha teicníc (roth nó lámhdhéantús), trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) ceannbheart agus séasúr an fhómhair mar inspreagadh aige

(b) painéal do chlúdach cúisín bunaithe ar éin andúchasacha

(c) taipéis bhalla le haghaidh na slí isteach i ndánlann.

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greamanna láimhe agus/nó greamanna meaisín) agus teicnící éagsúla, e.g. feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc. An tUasmhéid: 50cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: ábhair éagsúla ar a n-áirítear nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang, *papier maché*, etc.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid / Snoíodóireacht

Dear agus déan saothar saorsheasaimh **nó** plaic ornáideach bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo:

(a) fiacla rotha agus rothaí

(b) taiscéalaithe agus eachtraithe

(c) cultúr na hÉireann.

An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, bailchríocha cuí, uirlisí agus trealamh snoíodóireachta.

## 13. Miotalóireacht / Tógáil

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) dealbhóireacht a cheiliúrann Tionsclaíocht na hÉireann

(b) bonn le haghaidh phearsa spóirt na bliana

(c) seastán leabhair faoi choinne leabhar na gcúirteoirí i ndánlann.

An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: ábhair chruanta, miotail do theicnící tógála, uirlisí oiriúnacha.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe, bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) "is cumhachtaí an cleite ná an claíomh"

(b) mo thodhchaí

(c) athchúrsáil.

An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
Is ceadmhach armatúir agus boinn a thabhairt isteach sa scrúdú leat. **Ní mór an saothar múnlóireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Níor chóir do shaothar a bhácáil ná a ghlónrú**.
**Ábhair**: is ceadmhach na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicnící múnlóireachta.

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

# EALAÍN

## Sceitseáil Beo-Ábhair

### Gnáthleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín.

**Dé Máirt, 3 Bealtaine – Dé hAoine, 13 Bealtaine    Tráthnóna, 2:00 – 3:00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 19 Aibreán**

## Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Níl éadaí speisialta ag teastáil le haghaidh an chuspa. Má tá gruaig fhada ar an gcuspa, ní mór í a cheangal siar le linn an dá staidiúir.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **Bosca lóin cearnógach / dronuilleogach le haghaidh na chéad staidiúire**
- **Fón póca le haghaidh an dara staidiúir.**

Beidh cead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa de réir mar a theastaíonn le linn an scrúdaithe. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta.
Tá cead ag na hiarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir más mian leo.

## Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht den chuspa a dhéanamh mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir**, agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir**. 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** leathfhíor a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú leathfhíor a dhéanamh, ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag agus na huillinneacha a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (radharc ar an aghaidh nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraigh méid na bileoige A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú agus dearbhú nach raibh aon rud uirthi.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú**.

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad 15 nóiméad (20 marc)

**An cuspa ina s(h)easamh agus**

- na cosa scartha ó chéile beagán
- an chos chlé chun tosaigh beagán, meáchan an choirp anuas ar an gcos dheas
- an lámh chlé ar an gcorróg chlé agus an dorn dúnta
- géag na láimhe deise anuas leis an taobh deas
- bosca lóin cearnógach / dronuilleogach sa lámh dheas agus an ordóg le feiceáil
- an cloigeann ag féachaint díreach chun tosaigh.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad 30 nóiméad (30 marc)

**An cuspa ina s(h)uí ceartdíreach ar chathaoir agus**

- na cosa go daingean ar an talamh
- an lámh chlé ar an gceathrú chlé
- fón póca sa lámh chlé
- an lámh dheas ar an gceathrú dheas
- corrmhéar na láimhe deise ag cuimilt scáileán an fhóin phóca
- an cloigeann cromtha beagán i dtreo scáileán an fhóin phóca.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 16 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD - An Lá Inniu) agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid de réir mar is cuí chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do ***na léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Is sampla de mhiotalóireacht Éireannach ón gCré-Umhaois é "**Scornán Ghleann Insín**", ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar an dóigh a ndearnadh agus a maisíodh an rud seo.
(c) Ainmnigh déantán **amháin** eile ón gCré-Umhaois, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Is sampla de shnoíodóireacht chloiche ón Iarannaois é "**Gallán an Tuair Rua**", ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar a fhoirm agus ar an maisiúchán atá air.
(c) Ainmnigh sampla **amháin** eile de shnoíodóireacht chloiche ó ré na réamh-Chríostaíochta, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Is sampla de mhiotalóireacht Éireannach ó ré na Críostaíochta í "**Cailís Ardach**", ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aici?
(b) Déan cur síos agus plé ar an dóigh a ndearnadh agus a maisíodh í.
(c) Ainmnigh déantán miotail **amháin** eile ón ré seo, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Rinne James Gandon (1743 - 1823) foirgnimh phoiblí agus foirgnimh phríobháideacha a dhearadh in Éirinn.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh foirgneamh a dhear James Gandon.
(b) Déan cur síos agus plé ar ghnéithe ailtireachta agus ar stíl an fhoirgnimh seo.
(c) Déan cur síos agus plé achomair ar ghné mhaisiúil **amháin** den fhoirgneamh seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá "**An Póitseálaí Gonta**" le Harry Jones Thaddeus (c.1860 - 1929) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh
- úsáid datha(nna)
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Cad atá i gceist sa phictiúr seo? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

(c) Ainmnigh pictiúr fíorach **amháin** eile le haon ealaíontóir Éireannach, agus déan cur síos agus plé achomair ar an bpictiúr sin.

*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá Robert Ballagh (r.1943) ar dhuine de na healaíontóirí comhaimseartha is fearr aithne in Éirinn.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh saothar **amháin** le Robert Ballagh a ndearna tú staidéar air.

(b) Déan cur síos ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- úsáid datha(nna).

(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi Robert Ballagh.

*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:
- James Barry (1741 - 1806)
- Paul Henry (1876 - 1958)
- Harry Clarke (1889 - 1931)
- Seán Keating (1889 - 1977)
- Rowan Gillespie (r.1953)
- Alice Maher (r.1956)
- Dorothy Cross (r.1956).

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh / foirm
- teicníc agus úsáid na mbunábhar.

(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoin ealaíontóir a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Tá "**An Breithiúnas Deireanach**" le Gislebertus ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an léaráid faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- feidhm.

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar na príomhghnéithe d'eaglais nó d'ardeaglais Rómhánúil.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Tá "**An Teitheadh chun na hÉigipte**" le Giotto (c.1267 - 1337) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh agus úsáid na peirspictíochta
- teicníc agus úsáid datha(nna).

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Giotto, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Tá "**Maois**" le Michelangelo (1475 - 1564) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an dealbh seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh / foirm
- teicníc agus úsáid an bhunábhair
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Michelangelo, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Tá "**An Suipéar in Eamáús**" le Caravaggio (1571 - 1610) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- úsáid an tsolais.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Caravaggio, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Roghnaigh saothar **amháin** le Claude Monet (1840 - 1926) a bhfuil staidéar déanta agat air.
Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh an saothar, agus déan cur síos agus plé air faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- stíl agus úsáid datha(nna).

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi Claude Monet.

*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Tá "**An Seomra Dearg (Comhréiteach i nDearg)**" le Henri Matisse (1869 - 1954) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- stíl agus úsáid datha(nna).

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Matisse, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.

*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Roghnaigh ceann **amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):
- "**Portráid de Mhuintir Arnolfini**" le Jan Van Eyck (a d'éag i 1441)
- "**Scoil na hAithne**" le Raphael (1483 - 1520)
- "**Mionn na Horatii**" le Jacques-Louis David (1748 - 1825)
- "**An Fhís i ndiaidh na Seanmóra**" le Paul Gauguin (1848 - 1903)
- "**Dianseasmhacht na Cuimhne**" le Salvador Dalí (1904 - 1989).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- stíl agus úsáid datha(nna).

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.

*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh scannán aicsin a bhí suimiúil don tsúil, dar leat, agus déan cur síos agus plé air faoi na ceannteidil seo a leanas:

- suíomh / seit
- feisteas / smideadh
- obair cheamara / éifeachtaí físe.

(b) Dear clár an scéil le haghaidh scannán gairid bunaithe ar do rogha imeacht spóirt.

*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh gailearaí, músaem **nó** ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air.
Déan cur síos agus plé ar an dóigh ar cuireadh an saothar ar taispeáint faoi na ceannteidil seo a leanas:

- leagan amach
- soilsiú
- eolas don bhreathnóir.

(b) Déan feidhmchlár fón cliste (aip) a dhearadh chun mic léinn a spreagadh le cuairt a thabhairt ar do rogha gailearaí, músaem **nó** ionad léirmhíniúcháin.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpacáistiú ar na brioscaí ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- dath(anna) / íomhánna
- cruth / foirm
- litreoireacht / lógó.

(b) Déan lógó a dhearadh a bheadh oiriúnach do shiopa peataí.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar dealbhóireachta ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- suíomh / scála
- foirm / cruth
- dath / uigeacht.

(b) Déan píosa dealbhóireachta a dhearadh a bheadh oiriúnach don bhealach isteach go dtí do scoil **nó** do chlub óige áitiúil. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Déantar cásanna le haghaidh fón póca i stíleanna éagsúla agus as ábhair éagsúla.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar na gnéithe de chás dea-dheartha le haghaidh fón póca faoi na ceannteidil seo a leanas:
- feidhm
- bunábhair
- stíl.

(b) Déan cás pearsantaithe a dhearadh le haghaidh fón póca.
Tabhair fáthanna le do chinntí deartha.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Achar talún is ea páirc phoiblí ar féidir le cuairteoirí sult agus áineas a bheith acu ann.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan leagan amach a dhearadh do pháirc phoiblí ina mbeadh na fóntais seo a leanas, agus déan an leagan amach a phlé:
- ionad picnicí do theaghlaigh
- ionad shúgartha do pháistí beaga
- conair shiúil do mhadraí.

(b) Roghnaigh ceann **amháin** de na fóntais thuas agus tabhair breac-chuntas ar na gnéithe sábháilteachta agus slándála a theastódh sa limistéar seo.
Tabhair fáthanna le do roghanna.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar aghaidh an tsiopa ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:
- éifeacht ó thaobh amhairc de
- úsáid datha(nna)
- comharthaíocht.

(b) Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfá aghaidh an tsiopa seo a fheabhsú chun í a dhéanamh níos tarraingtí dá spriocmhargadh. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach Bán